etbi

Ceangail
Nuachtlitir BOOÉ

Eagrán # 1
Nollaig 2023

FÁILTE CHUIG

# Nuachtlitir BOOÉ

Fáilte chuig an gcéad eagrán de Ceangail, Nuachtlitir Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ). Tá sé mar aidhm ag an nuachtlitir seo eolas a roinnt maidir leis na seirbhísí a chuireann BOOÉ ar fáil dár 16 BOO agus aiseolas a fháil fúthu

Tá os cionn 32,000 ball foirne ag obair ar fud Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus ba mhaith linn comhbhród a cheiliúradh sna seirbhísí a chuireann BOOnna, agus a gcuid scoileanna agus ionad ar fáil d'fhoghlaimeoirí de gach aois ar fud na tíre. Ba mhaith linn d'aiseolas agus do mholtaí a fháil agus buafaidh an dá mholadh is fearr dearbhán bronntanais €250 AllGifts. Féach ár suirbhé ar leathanach 4.

## Agallamh le hEagarthóir Oideachais Irish Independent Katherine Donnelly



Cliceáil ar an íomhá thíos chun féachaint air

Ar an lá sula rachaidh sí ar scor agus mar chuid de shraith ghearr físeán "Todhchaí an Oideachais agus na hOiliúna" de chuid BOOÉ, déanann Eagarthóir Oideachais Irish Independent, Katherine Donnelly, machnamh ar na sealanna éagsúla, idir thuas agus thíos, a bhí aici sa 20 bliain a chaith sí ag tuairisciú ar chóras Oideachais na hÉireann.

In agallamh forleathan le hArd-Rúnaí BOOÉ, pléann Katherine oidhreacht COVID, an branda BOO, comhionannas deiseanna san oideachas, agus an tábhacht a bhaineann le mic léinn a shaorú ón "dúspéis" atá acu sa CAO lena mbealach a aimsiú. Labhraíonn sí faoi na dúshláin agusfaoi na deiseanna atá roimh BOOnna lena n-áirítear Scoileanna Náisiúnta Pobail BOO agus todhchaí BOO: "Dá mbeadh an saol gan locht sílim gur chóir do gach duine cúrsa BO a dhéanamh ar feadh bliana tar éis dóibh an scoil a fhágáil ", a deir sí le Paddy Lavelle.

**San Eagrán seo gheobhaidh tú:**

Tionscadail is déanaí, Lá i Saol Feighlí BOO, imeachtaí atá le teacht, duaiseanna, agus go leor eile!

Ceangail
Nuachtlitir BOOÉ

## Labhraíonn John Lonergan faoi Theacht Aniar agus Ceangal Daonna




Bhí eochairchaint John Lonergan, scríbhneoir agus iarghobharnóir Phríosún Mhuinseo, agus an plé ina dhiaidh le James Leonard, podchraoltóir Two Norries, ar cheann de bhuaicphointí Chomhdháil Bhliantúil BOOÉ na bliana seo a reáchtáladh i Halla na Cathrach i gCorcaigh.

I measc na mbuaicphointí eile bhí aitheasc Joanne O'Riordan maidir le hionchuimsiú, míreanna vox pop le foghlaimeoirí BOO agus baill foirne ó gach cearn den tír agus roinnt siamsaíocht spreagúil ar an oíche dheiridh lena;seoladh an tAmhrán BOO mar pháirt de sin.

**Léigh**

## Mapáil Soláthair chun Barr Feabhais san Oideachas a Sheachadadh




Mar pháirt de thionscadal ceannródaíoch a chuimsíonn 140 Coláiste Pobail BOO ar fud na hEarnála BOO, tá mapáil soláthair socraithe chun barr feabhais san oideachas a sholáthar ar fud ár líonra iar-bhunscoileanna trí thacú le feabhsúchán ionchuimsitheach scoile.

Faoi stiúir BOOÉ agus le tacaíocht ó líonra comhordaitheoirí tiomnaithe i ngach BOO, bunófar acmhainní, ceardlanna agus líonraí mapála soláthair nua chun cumhacht a thabhairt do cheannairí scoile láidreachtaí agus réimsí forbartha i soláthar oideachais a aithint ionas gur féidir leo acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun torthaí níos fearr a sheachadadh dá mic léinn go léir

**Léigh**

## Tá Pobal BOO ar thús cadhnaíochta maidir le freastal ar mhic léinn ón Úcráin



Agus beagnach 18,000 mac léinn ón Úcráin cláraithe i scoileanna na hÉireann faoi láthair, tá ceannaireacht léirithe ag an bpobal BOO san iarracht mic léinn ón Úcráin a chomhtháthú i gcóras oideachais na hÉireann, áit a bhfuil ráta rollaithe 91% i measc leanaí ón Úcráin idir 5 -18 mbliana d'aois ar an ráta rollaithe is rathúla san Eoraip. Ó chomhordú BOO na bhFoirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALTanna) go dtí an fhreagairt agus na tacaíochtaí an-daonna a thairgeann BOOnna go háitiúil, cloisimid faoi eispéireas aon scoile amháin.

**Léigh**

## Éiteas Scoileanna BOO ag dul ó neart go neart




Ó seoladh Creat Phátrúin BOOÉ ar Éiteas bliain ó shin, tá an cur chuige il - sainchreidmheach atá bunaithe ar chomhionannas i leith an oideachais ina chur chuige ceannródaíoch do mhic léinn agus do bhaill foirne ar fud na scoileanna BOO uile agus níos faide i gcéin. Faoi stiúir BOOÉ agus le tacaíocht ó líonra ar fud na hearnála de chomhordaitheoirí tiomanta, áiríodh ar thionscnaimh podchraoladh míosúil, oiliúint do 83 ball foirne nua BOO agus breis agus 200 múinteoir faoi oiliúint chomh maith le líonraí foghlama agus uirlisí féinmheastóireachta a thabhairt isteach.

Éist leis an bPodchraoladh Anseo

## Tionól Náisiúnta nua le guth a thabhairt d'Fhoghlaimeoirí BOO



Tá **Tionól Náisiúnta Guth na bhFoghlaimeoirí** chun níos mó deiseanna a thabhairt do 200,000 Foghlaimeoir Breisoideachais agus Oiliúna BOO na hÉireann lena gcuid tuairimí a chur in iúl. Tá súil ag BOOÉ go mbeidh an tionól ar bun don bhliain acadúil 2024-2025 nuair a thabharfar cuireadh agus tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a dtuairimí a thabhairt ar gach rud ó fhorbairt churaclaim go tacaíochtaí foghlaimeoirí agus treo na hearnála BOO amach anseo.

Léigh

## Seachtain BOO: 11ú -15ú Márta 2024



D'éirigh go hiontach le lá BOO 2023 agus táimid ag déanamh réidh le "Seachtain BOO 2024" a bhfuil sé mar aidhm aici obair Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil d'fhoghlaimeoirí a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Moltar do gach ball foirne agus mac léinn i mBOOnna, ina scoileanna, ina gcoláistí agus ina n-ionaid tosú ag smaoineamh ar an gcaoi ar mhaith leo seachtain BOO a cheiliúradh ón 11 -15 Márta. Tá súil againn tuilleadh sonraí spreagúla a eisiúint faoi imeachtaí náisiúnta go luath i mí Eanáir!

**Ceangail**
**Nuachtlitir BOOÉ**


## Lá i Saol... Feighlí BOO




I ngach eagrán, buailfimid le ball foirne ó BOO chun foghlaim faoina ról, agus faoin duine atá taobh thiar den teideal. Déanaimid comhrá anseo le hiarshaighdiúir agus teicneoir comhraic éigeandála John Wall atá anois ina Fheighlí i BOO an Chabháin & Mhuineacháin. Faighimid amach faoin gceangal domhain atá aige leis an gcampas, 'bhaile ón mbaile' mar a thugann sé air, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cairde maithe a bheith aige ag an obair.
Nasc chuig an scéal iomlán.

## Imeachtaí atá le teacht:

- Comhdháil Príomhoidí & Príomhoidí Tánaisteacha: 1 – 2 Feabhra 2024 (Port Laoise)
- Comhdháil BOO BOOÉ 2024: 21 – 22 Feabhra 2024 (Baile Átha Luain)
- SEACHTAIN BOO 2024: 11 -15 Márta 2024
- Comhdháil AD 20 - 21 Márta (Baile Átha Luain)
- Tuilleadh sonraí fúthu sin agus eile Postálfar sonraí breise maidir leis na imeachtaí sin agus imeachtaí eile nach iad anseo




## Poist BOO:

https://www.etbi.ie/etb-recruitment/

## Podchraoltaí:

Let's Talk Ethos




**Enter to Win!**

**Freagair ár suirbhé gearr chun seans a tabhairt duit féin dearbhán €250 AllGifts a bhaint**

CLICK HERE

An bhfuil scéal agat don nuachtlitir?
Seol ríomhphost chugainn:
media@etbi.ie